Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0229(NLE)**

**12562/22
ADD 1**

**ACP 102
WTO 175
COAFR 230
RELEX 1207
AGRI 449**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOISTE SPEISIALTA UM THÁSCA GEOGRAFACHA AGUS UM THRÁDÁIL I bhFÍONTA AGUS BIOTÁILLÍ maidir lena Rialacha Nós Imeachta |

Dréacht

**CINNEADH Uimh [...] ÓN gCOISTE SPEISIALTA UM THÁSCA GEOGRAFACHA AGUS UM THRÁDÁIL I bhFÍONTA AGUS BIOTÁILLÍ**

**an ...**

**maidir lena Rialacha Nós Imeachta**

AN COISTE SPEISIALTA UM THÁSCA GEOGRAFACHA AGUS UM THRÁDÁIL I bhFÍONTA AGUS BIOTÁILLÍ,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus na Stáit atá in SADC EPA, den pháirt eile ('an Comhaontú'), a síníodh in Kasane an 10 Meitheamh 2016, agus go háirithe Airteagal 13(5)(f) de Phrótacal 3 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Leagtar síos Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an ...

Arna dhéanamh in/sa ...,

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOISTE SPEISIALTA UM THÁSCA GEOGRAFACHA AGUS UM THRÁDÁIL I bhFÍONTA AGUS BIOTÁILLÍ

# Caibidil I

# Eagrúchán

*Airteagal 1*

*Comhdhéanamh agus Cathaoirleach*

1. An Coiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí ('an Coiste Speisialta') a bhunaítear faoi Airteagal 13 de Phrótacal 3 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus na Stáit atá in SADC EPA, den pháirt eile, ('an Comhaontú') comhlíonfaidh sé a dhualgais i gcomhréir le hAirteagail 1, 13 agus 14 den Phrótacal sin.

2. Déanfar tagairt do 'na Páirtithe' sna rialacha nós imeachta seo i gcomhréir leis an sainmhíniú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Phrótacal 104 den Chomhaontú.

3. Is ionadaithe ar na Páirtithe a bheidh ar an gCoiste Speisialta.

4. Déanfaidh oifigeach ón gCoimisiún Eorpach mar aon le hoifigeach ó na Stáit SADC EPA a chloíonn le Prótacal 3 comhchathaoirleacht ar chruinnithe an Choiste Speisialta gach ré seach. I gcás na hAfraice Theas, is oifigeach de chuid an *Department of Trade, Industry and Competition* [an Roinn Trádála, Tionscail agus Iomaíochta] a dhéanfaidh cathaoirleacht.

5. An sainordú dá dtagraítear i mír 4, ar sainordú é a fhreagraíonn don chéad tréimhse, tosóidh sé ar dháta chéad chruinniú an Choiste Speisialta agus críochnóidh sé an 31 Nollaig den bhliain chéanna.

*Airteagal 2*

*Cruinnithe*

1. Tiocfaidh an Coiste Speisialta le chéile go tráthrialta, uair sa bhliain ar a laghad, agus ar iarratas ó cheachtar den dá Pháirtí. Tionólfar na cruinnithe sa Bhruiséil nó ar chríoch ceann de na stáit SADC EPA a chloíonn le Prótacal 3 gach re seach, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

2. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, is é an Páirtí a bhfuil an Chathaoirleacht aige a dhéanfaidh an cruinniú den Choiste Speisialta a thionól, tar éis dó dul i gcomhairle leis an bPáirtí eile nó na Páirtithe eile, de réir mar a bheidh.

3. Féadfaidh na Páirtithe comhaontú ar shocruithe malartacha eile chun freastal ar mhalartú doiciméad ar mhodh leictreonach, socruithe faoina bhféadfar cruinnithe a thionól trí fhíschomhdháil nó trí chomhdháil teileafóin nó ar aon mhodh eile a chomhaontóidh na Páirtithe agus a oirfidh do chlár oibre an chruinnithe.

*Airteagal 3*

*Breathnóirí*

Féadfaidh an Coiste Speisialta a chinneadh cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí a bheith i láthair ag a chruinnithe ar bhonn *ad hoc* agus a chinneadh cad iad na míreanna ar an gclár oibre a bheidh ar fáil do na breathnóirí sin.

*Airteagal 4*

*Rúnaíocht*

1. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú den Choiste Speisialta a ghníomhóidh mar Rúnaíocht an Choiste Speisialta (‘an Rúnaíocht’).

2. Nuair a thionólfar an cruinniú faoi mhír (3) d’Airteagal 2, is é an Páirtí a mbeidh an Chathaoirleacht aige a ghníomhóidh mar Rúnaíocht.

# Caibidil II

# Feidhmiú

*Airteagal 5*

*Doiciméid*

1. I gcás ina mbeidh plé an Choiste Speisialta bunaithe ar dhoiciméid tacaíochta i scríbhinn, déanfaidh an Rúnaíocht na doiciméid sin a uimhriú agus a scaipeadh mar dhoiciméid de chuid an Choiste Speisialta.

2. Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú modh leictreonach slán a bhunú chun doiciméid a mhalartú agus, i gcás inar gá doiciméid a shíniú, féadfaidh siad síniú leictreonach a úsáid faoi réir dhlíthe na bPáirtithe faoi seach. Cuirfidh gach Páirtí a chéile ar an eolas faoi na rialacha intíre lena n-áirithítear bailíocht an tsínithe leictreonaigh.

*Airteagal 6*

*Fógra agus clár oibre le haghaidh na gcruinnithe*

1. Tabharfaidh an Rúnaíocht fógra do na Páirtithe maidir le tionól cruinnithe agus iarrfaidh sí ionchuir le haghaidh an chláir tráth nach déanaí ná 30 lá roimh an gcruinniú féin. I gcás ábhar práinne nó imthosca gan choinne a bheidh le breithniú, féadfar an cruinniú a thionól ar ghearrfhógra.

2. Déanfaidh an Rúnaíocht clár oibre sealadach a tharraingt suas le haghaidh gach cruinnithe. Cuirfidh an Rúnaíocht é ar aghaidh chuig Cathaoirleach agus comhaltaí an Choiste Speisialta tráth nach déanaí ná 14 lá roimh an gcruinniú.

3. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair an Rúnaíocht iarratas ó Pháirtí ina leith chun iad a chur ar an gclár.

4. Glacfaidh an Coiste Speisialta an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar míreanna eile seachas iad siúd atá ar an gclár oibre sealadach a chur leis an gclár oibre, má chomhaontaíonn na comhchathaoirligh amhlaidh.

5. Féadfaidh na Páirtithe comhaontú ar chuireadh a thabhairt do shaineolaithe a bheith i láthair ag a chruinnithe chun faisnéis ar ábhair shonracha a chur ar fáil.

*Airteagal 7*

*Tuarascáil ar an gcruinniú*

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, déanfaidh an Rúnaíocht tuarascáil gach cruinnithe a tharraingt suas ag deireadh gach cruinnithe.

2. Áireofar i dtuarascáil an chruinnithe, mar riail ghinearálta, an clár oibre críochnaitheach, achoimre ar an bplé faoi gach pointe cláir oibre agus, i gcás inarb infheidhme, Cinntí agus Moltaí an Choiste Speisialta.

3. Cuirfidh na Páirtithe bailchríoch ar an tuarascáil agus glacfaidh siad í a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 60 lá ó dháta an chruinnithe.

4. Cuirfear cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Rúnaíocht an Choiste Trádála agus Forbartha, agus déanfaidh na Páirtithe toradh an chruinnithe a chur in iúl ó bhéal don Choiste Trádála agus Forbartha i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 8*

*Cinntí agus moltaí*

1. I gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Phrótacal 3 den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste Speisialta moltaí a dhéanamh agus cinntí a ghlacadh de chomhthoil sna cásanna dá bhforáiltear i bPrótacal 3 den Chomhaontú.

2. I gcás ina dtabharfar de chumhacht don Choiste Speisialta cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar ar ghníomhartha den sórt sin an teideal 'Cinneadh' nó 'Moladh' faoi seach i dtuarascáil na gcruinnithe dá dtagraítear in Airteagal 7. Cuirfidh an Rúnaíocht sraithuimhir agus dáta glactha mar aon le tuairisc faoin ábhar le haon chinneadh nó moladh glactha. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

3. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Coiste Speisialta cinntí nó moltaí a ghlacadh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn nó trí mhodhanna leictreonacha má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh. Is é a bheidh sa nós imeachta i scríbhinn malartú nótaí idir ionadaithe na bPáirtithe.

4. Na cinntí agus moltaí arna nglacadh ag an gCoiste Speisialta, déanfar iad a fhíordheimhniú le dhá chóip bhunaidh arna síniú ag ionadaí ó gach Páirtí.

*Airteagal 9*

*Teanga oibre*

Mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt, is i mBéarla a dhéanfar an comhfhreagras agus an chumarsáid go léir idir na Páirtithe i ndáil le hobair an Choiste Speisialta, mar aon le cinntí agus moltaí a ullmhú agus a phlé.

*Airteagal 10*

*Rochtain Phoiblí*

1. Ní cruinnithe poiblí a bheidh i gcruinnithe an Choiste Speisialta, mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt.

2. Foilseoidh na Páirtithe cinntí agus moltaí an Choiste Speisialta in aon mheán iomchuí. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh tuarascáil gach cruinnithe a fhoilsiú in aon mheán iomchuí.

## Caibidil III

## Forálacha Críochnaitheacha

*Airteagal 11*

*Caiteachas*

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon chaiteachas a thabhóidh sé de thoradh é a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Choiste Speisialta, maidir le caiteachas foirne, taistil agus cothaithe araon, agus le caiteachas poist agus teileachumarsáide.

2. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le heagrú cruinnithe, soláthar seirbhísí ateangaireachta agus atáirgeadh doiciméad.

*Airteagal 12*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta sin a leasú i scríbhinn le cinneadh ón gCoiste Speisialta arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8.

---